
# Ag toghadh scoláire na bliana





Maidin áirithe, bhí toghchán Scoláire na Bliana ar siúl agus bhí an múinteoir á phlé linn. **Mhínigh sí na dualgais** a bhain leis an phost.  Dúirt sí linn **smaoineamh** go cúramach roimh vótáil mar cinneadh tábhachtach a bhí ann.


Tháinig an lá vótala agus sheas na daltaí i líne dhíreach.  Chuaigh muid suas go dtí an bosca agus chuir muid **ár mbileoga vótala** isteach. Bhí an múinteoir **ag tabhairt aire** don bhosca. Bhí sé deas bheith ábalta ár mbarúlacha a chur trasna.





Ansin, thosaigh beirt mhúinteoirí ag obair san oifig. D’oscail siad an bosca agus chaith siad na bileoga amach ar an tábla. Ansin, **rinne siad cuntas** ar na vótaí. Bhí neart oibre le déanamh acu.

Bhailigh na **daltaí le chéile** i halla na scoile.  Bhí cúpla múinteoir agus an príomhoide **ar an ardán** chun na torthaí a thabhairt. Bhí gach duine iontach ciúin ag fanacht agus bhí ár gcroíche inár mbéil.




Ghlaoigh an príomhoide **ainm an bhuaiteora**.  Ba í Sandra Ní Cheallaigh scoláire na bliana agus **phléasc** an seomra le bualadh bos, mar thaitin Sandra le gach duine.  Ba chailín galánta, díograiseach í. Agus mar a deir an seanfhocal:  “A cheart don té a thuill é”.

Mhol an príomhoide Sandra go hard na spéire.  Bhí **a hiompar** agus a hobair bhaile i gcónaí d’ardchaighdeán.  Bhí iontas an domhain ar Sandra. Ní raibh sí ábalta labhairt, ach bhí sí thar a bheith sásta.  Bhí an gradam tuillte go breá aici.